# Tuiscint a fháil ar thuarascáil suirbhé do scoile

## A: Torthaí ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí a bhfuil páistí acu ar scoil

1. **Ainm agus uimhir rolla do scoile**

2. **Torthaí ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí a bhfuil páistí acu ar scoil:**
   Taispeánann an chuid seo céatadán na dtuismitheoirí/caomhnóirí a d'fhreagair an suirbhé agus a léirigh rogha do:
   - Comhoideachas nó scoil aonghnéis
   - Scoil il-sainchreidmheach nó sainchreidmheach
   - Oideachas trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla

3. **Ráta Freagartha Scoile (bun ar chlé):**
   Insíonn sé seo duit cé mhéad tuismitheoir/caomhnóir a d'fhreagair an suirbhé. Mar shampla, má tá páistí ó 100 teaghlach ag do scoil, agus má d'fhreagair 40 duine, is ionann é sin agus ráta freagartha 40%.

4. **Lamháil Earráide Scoile (bun ar dheis):**
   Ní féidir linn a rá go cinnte cad is fearr le gach tuismitheoir agus caomhnóir páistí ar scoil, mura ndearna gach tuismitheoir/caomhnóir freagra ar an suirbhé. Ina áit sin, déanaimid meastachán bunaithe ar na freagraí a fuaireamar. Léiríonn an **lamháil earráide** cé chomh mór is a d'fhéadfadh an toradh a bheith níos airde nó níos ísle dá mbeadh gach tuismitheoir/caomhnóir tar éis an suirbhé a dhéanamh.

### Conas na huimhreacha a léamh

Nuair a léann tú na torthaí, léiríonn na céatadáin a thaispeántar i nglas agus ór, roghanna na dtuismitheoirí/caomhnóirí a ghlac páirt sa suirbhé.

Léiríonn an líne dhearg an lamháil earráide. Tugann sé seo raon timpeall ar thoradh an tsuirbhé, a léiríonn cé mhéad níos airde nó níos ísle a d'fhéadfadh an toradh a bheith dá mbeadh freagra tugtha ag **gach** tuismitheoir/caomhnóir leanaí i do scoil.

Mar shampla:

- Más rud é go bhfuil an líne dhearg iomlán **os cionn 50%**, ciallaíonn sé sin gur dócha gur fearr le níos mó ná leath de na tuismitheoirí/caomhnóirí an rogha sin, fiú ag ligean don lamháil earráide.

Má d'fhreagair go leor tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil leanaí acu ar scoil an suirbhé, bíonn an toradh níos iontaofa agus bíonn lamháil earráide níos lú mar thoradh air. Má fhreagraíonn níos lú tuismitheoirí/caomhnóirí, is lú an chinnteacht a bhaineann leis an toradh agus bíonn lamháil earráide níos mó mar thoradh air. Ní bhaineann an lamháil earráide ach leis na tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil leanaí acu atá ar scoil faoi láthair.

## Sampla de conas a ríomhtar na céatadáin

- Tá páistí ag an scoil ó thuismitheoirí/chaomhnóirí i 100 teaghlach.
- D'fhreagair 40 tuismitheoir/caomhnóir an suirbhé – is ionann é sin agus ráta freagartha 40%.
- Dúirt 30 tuismitheoir/caomhnóir go mb'fhearr leo scoil chomhoideachais agus 10 acu go mb'fhearr leo scoil aonghnéis.
- Is é an céatadán a thaispeánann rogha do scoil chomhoideachais ná: 30 as 40 = 75%
- Is é an céatadán a thaispeánann rogha do scoil aonghnéis ná: 10 as 40 = 25%
- Is é an lamháil earráide móide nó lúide 12%
- Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh an fíorfhigiúr don chomhoideachas a bheith chomh híseal le 63% agus chomh hard le 87%.
- Léiríonn sé seo dá mbeadh freagra tugtha ag na teaghlaigh eile, is dócha nach dtitfeadh an rogha faoi bhun 63%.


1

# Suirbhé Bunscoile
## Torthaí Scoile-Shonracha

School Name, 12345A
Dublin, Contae Bhaile Átha Cliath

**Torthaí ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí a bhfuil páistí acu sa scoil seo**


**Rogha chomhoideachais / aonghnéis**





**Lamháil Earráide**

2

**Rogha maidir le pátrúnacht / éiteas**




**Rogha teanga**




3

**Ráta Freagartha Scoile**
**40%**
40 as 100 teaghlach

**Lamháil Earráide Ghinearálta Iomlán**
Beidh roghanna **±12.1%**
(léirithe ag barra dearg)

4

## A. Torthaí ó thuismitheoirí agus caomhnóirí a bhfuil sé ar intinn acu a bpáistí a chlárú sa scoil seo amach anseo

1. Taispeánann an leathanach seo roghanna na dtuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil sé ar intinn acu a bpáistí a chlárú sa scoil seo amach anseo.
2. Taispeántar líon na dtuismitheoirí/chaomhnóirí a d'fhreagair an suirbhé ag barr an leathanaigh.
3. Torthaí ó thuismitheoirí agus caomhnóirí a bhfuil sé ar intinn acu a bpáistí a chlárú sa scoil seo.
   Taispeánann an chuid seo céatadán na dtuismitheoirí/caomhnóirí a d'fhreagair an suirbhé agus a léirigh rogha do:
   - Comhoideachas nó scoil aonghnéis
   - Scoil il-sainchreidmheach nó sainchreidmheach
   - Oideachas trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla

### Conas na huimhreacha a léamh

Nuair a léann tú na torthaí, léiríonn na céatadáin a thaispeántar i nglas agus ór, roghanna na dtuismitheoirí/caomhnóirí a ghlac páirt sa suirbhé.

Níl aon lamháil earráide le feiceáil ar an leathanach seo toisc nach bhfuil a fhios againn líon iomlán na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí a d'fhéadfadh an scoil seo a roghnú amach anseo. Bheadh an líon iomlán seo ag teastáil uainn chun go mbeimis in ann lamháil earráide a ríomh.

Is féidir leis na torthaí seo léargas úsáideach a thabhairt ar éileamh féideartha amach anseo amháin, seachas tomhas staitistiúil láidir ar an rogha iomlán.

### Nótaí

#### I gcás nach dtaispeántar aon torthaí do dhaltaí amach anseo

I roinnt torthaí scoile, d'fhéadfadh nach mbeadh aon fhaisnéis sa chuid seo. D'fhéadfadh sé sin tarlú toisc nár thug aon tuismitheoirí/caomhnóirí freagra ar an suirbhé nó nár fhreagair ach líon beag tuismitheoirí/caomhnóirí an suirbhé. Ní thaispeántar líon beag freagraí chun na torthaí a choinneáil iontaofa.

#### Torthaí na foirne agus an Bhoird Bainistíochta


Ní chuirtear torthaí ó bhaill foirne agus ó bhaill an Bhoird san áireamh i dtorthaí do scoile. Déantar é seo chun rúndacht a chosaint, go háirithe i scoileanna níos lú. Úsáidfear na torthaí seo níos déanaí má bhíonn fonn ar do scoil athrú cumraíochta a fhiosrú.

1


2

## Torthaí ó 50 tuismitheoir agus caomhnóir a thug le fios go bhfuil sé ar intinn acu a bpáistí a chlárú sa scoil seo amach anseo

### Rogha chomhoideachais / aonghnéis





### Rogha maidir le pátrúnacht / éiteas




3

### Rogha teanga




## Na Chéad Chéimeanna Eile

Scríobh an Roinn Oideachais agus Óige chuig gach scoil agus chuir sí eolas cuimsitheach ar fáil, lena n-áirítear conas torthaí an tsuirbhé a thuiscint agus iarraidh ar gach scoil machnamh a dhéanamh ar a dtuairisc scoil-shonrach, dul i dteagmháil lena bpobal scoile agus machnamh a dhéanamh ar mian leis an scoil a iarraidh go n-áireofaí iad sa chéad ghrúpa scoileanna chun torthaí an tSuirbhé Bunscoile a chur i ngníomh.

### Rogha shoiléir gan aon athrú (samplaí)

Léiríonn na samplaí seo cathain a thacaíonn torthaí go soiléir le fanacht mar a chéile:

- **Comhoideachas nó scoil aonghnéis:**
  Ba mhaith le 58% fanacht ina scoileanna aonghnéis
  Lamháil earráide: 5% → is 53%–63% an raon
  → Fós os cionn 50%, mar sin rogha shoiléir gan aon athrú
- **Scoil shainchreidmheach:**
  Ba mhaith le 70% fanacht i scoileanna sainchreidmheacha
  Lamháil earráide: 15% → is é 55%–85% an raon
  → Rogha shoiléir gan aon athrú
- **Scoil trí mheán an Bhéarla:**
  Ba mhaith le 75% fanacht i scoileanna Béarla
  Lamháil earráide: 10% → is é 65%–85% an raon
  → Rogha shoiléir gan aon athrú

---

### Rogha shoiléir don athrú (samplaí)

Léiríonn na samplaí seo nuair a thacaíonn torthaí go soiléir le hathrú:

- **Comhoideachas nó scoil aonghnéis:**
  Ba mhaith le 80% a bheith ina scoileanna comhoideachais
  Lamháil earráide: 3% → is é 77%–83% an raon
  → Rogha shoiléir don athrú
- **Scoil shainchreidmheach:**
  Ba mhaith le 60% a bheith ina scoileanna il-sainchreidmheacha
  Lamháil earráide: 5% → is é 55%–65% an raon
  → Rogha shoiléir don athrú
- **Scoil trí mheán an Bhéarla:**
  Ba mhaith le 75% a bheith ina scoileanna lán-Ghaeilge
  Lamháil earráide: 5% → is é 70%–80% an raon
  → Rogha shoiléir don athrú

---

### Pointe deiridh

Mura bhfuil na torthaí soiléir, ba chóir don Bhord Bainistíochta:

- Breathnú go cúramach ar an bhfaisnéis uile
- Aiseolas óna dtuismitheoirí/caomhnóirí, ón bhfoireann agus ón bpobal áitiúil a bhreithniú
- Am a ghlacadh sula ndéantar cinneadh faoi na chéad chéimeanna eile

Baineann an próiseas seo le tuiscint a fháil ar a bhfuil de dhíth ar phobal na scoile agus freagairt ar bhealach tuisceanach agus eolasach.